# Cruth agus spás: Feasacht ar spásúlacht agus suíomh – Moltaí don teagasc

## MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Leag béim ar an ngá le scileanna feasacht ar spásúlacht a fhorbairt chun ár mbealach a dhéanamh trínar dtimpeallachtaí laethúla agus trínar ndomhan ó thaobh méideanna, cruthanna, suíomhanna agus an caidreamh idir rudaí de.
- Spreag páistí le comhoibriú le linn gníomhaíochtaí praiticiúla agus réitigh fadhbanna a chuireann lena dtuiscint ar fheasacht ar spásúlacht agus suíomh m.sh., *teacht ar rud éigin atá i bhfolach sa seomra ranga, cleachtadh a dhéanamh ar an liathróid a chiceáil ó uillinneacha éagsúla sa sacar leis an bhféidearthacht maidir le cúl a fháil a uasmhéadú.*
- An tábhacht agus úsáideacht a bhaineann leis an bhfeasacht ar spásúlacht agus suíomh ó thaobh an taistil de agus ó thaobh do bhealach a dhéanamh thart ar spásanna nach eol duit de a chur chun cinn, m.sh., *úsáid a bhaint as léarscáileanna ar líne/ fisiciúla chun bealaí éifeachtacha chuig sainchomharthaí agus áiteanna eile spéise a phleanáil, cluichí lúbra a imirt ina mbíonn ar pháistí cabhrú lena chéile a mbealach a dhéanamh i dtreo áiteanna ag baint úsáid as an teanga, siombailí agus comharthaí cuí.*

## SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Spreag na páistí leis an teanga a bhaineann le feasacht ar spásúlacht agus suíomh a fhorbairt trí chluichí agus gníomhaíochtaí a bhfuil léarscáileanna, bealaí agus comhordanáidí mar chuid díobh, srl., m.sh., *ficheall, táiplis, Twister, Monopoly, Cluedo, cluiche Longa Cogaidh.*
- Cuir roinnt léarscáileanna, pleananna agus greillí chomh maith le deiseanna fiosraithe ar fáil do na páistí, m.sh., *léarscáileanna domhain, contae agus baile, léarscáileanna d'áiteanna ficsin, pleananna tí, léarscáileanna ar líne inar féidir áiteanna a fheiceáil ó radhairc agus uillinneacha éagsúla.*
- Cuir dúshlán roimh na páistí cúrsaí bacainní agus tóraíochtaí taisce a chur i gcrích; agus spreag iad lena gcuidse féin a chruthú a bhfuil raon leibhéal deacrachta ag baint leo do ghrúpaí nó daoine éagsúla.

## TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Cuir tascanna oscailte a bhfuil réimse deacrachta i gceist leo ar fáil do na páistí, m.sh., *cruthaigh cúrsa bacainní a bhfuil roinnt treonna, eolas in easnamh agus gluaiseachtaí ar nós thar, faoi agus timpeall ar bhacainní i gceist leo.*
- Cuir na critéir in oiriúint le hualach cognaíoch tascanna a laghdú nó a mhéadú, m.sh., *cuir bacainn sa bhreis leo (tá damáiste déanta don droichead thar an abhainn, aimsigh bealach eile), cuir an tóraíocht taisce in oiriúint le go mbeadh sé oiriúnach do pháistí i rang na Naíonán Sóisearach/Rang a Sé, srl.*
- Cuir dúshláin roimh na páistí pictiúr atá cruinn ó thaobh scála de a tharraingt d'fhoirgneamh, ceantar, srl., arb ann dó san fhíorshaol nó a samhlaíodh agus é sin a úsáid chun samhail 3-T (fisiciúil nó fíorúil) a chruthú, nó a mhalairt.

## BÉIM A LEAGAN AR SHAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Cinntigh go bhfuil deiseanna ag na páistí feasacht ar spásúlacht agus suíomh a fhiosrú ag baint úsáid as réimse acmhainní lena n-áirítear earraí, léarscáileanna agus pictiúir fíorshaoil agus earraí, léarscáileanna agus gléasanna digiteacha.
- Spreag na páistí le conairí a léiriú agus a loingsiú i réimse bealaí, m.sh., *cuir síos ó bhéal, líníochtaí, ag baint úsáid as láimhseoga, trí struchtúir agus gluaiseacht fhisiciúil.*
- Éascaigh na páistí le comhoibriú a dhéanamh ar shamhlacha matamaiticiúla agus iad a chur i bhfeidhm ar réimse comhthéacsanna, m.sh., *úsáid samhail cosúil le léarscáil agus eochair le timpeallacht na scoile a léiriú ar dtús, ansin bog ar aghaidh go léarscáil den scoil nó den cheantar áitiúil.*

## MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Eiseamláirigh teanga mhatamaiticiúil a bhaineann le feasacht ar spásúlacht agus suíomh a úsáid in eispéiris laethúla agus cruthaigh naisc le réimsí eile an churaclaim, m.sh., *tíreolaíocht áitiúil in Oideachas Sóisialta agus Imshaoil agus gluaiseacht in Folláine.*
- Éascaigh na páistí lena gcuid smaointe agus réasúnaíocht a phlé agus tóg ar chuir síos a chéile ar spásúlacht agus suíomh ag baint úsáid as teanga chuí agus chruinn.
- Cuir ceisteanna ar na páistí agus spreag iad le ceisteanna a chur a thacaíonn le plé tairbheach matamaiticiúil i dtaca le feasacht ar spásúlacht agus suíomh, m.sh., *cén chaoi a mbeadh ort do chorp a bhogadh le dul trí spás cúng/íseal? An bhfuil aon bhealaí eile a d'fhéadfadh tú a thabhairt chuig an áit chéanna? Cé acu is éifeachtúla? Céard is gá a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le scála do léarscáil den seomra ranga/ceantar áitiúil/tír?*

Arna fhorbairt i gcomhar le **Mary Kearney, Múinteoir Bunscoile, Co. na Gaillimhe**